Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Iúil 2023
(OR. en)

11787/23
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0140(COD)**

CODEC 1355
INDEF 38
COPS 391
POLMIL 199
IND 385
MAP 38
COMPET 753

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Aithníonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a phráinní atá sé cabhrú le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) dlús a chur le táirgeadh i gcomhthéacs na ndúshlán a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine, agus meabhraíonn siad go dtugtar freagairt láithreach leis an Rialachán maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) ar an ngá práinneach sin trí ionstraim shealadach nua a chur ar bun chun infheistíochtaí tionsclaíocha a éascú.

Leagann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle béim ar an ngá atá le breithniú a dhéanamh ar na bearta iomchuí uile chun EDTIB a neartú agus a fhorbairt, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus chun bacainní agus scrogaill a bhaint ionas go mbeidh an tionscal in ann níos mó a tháirgeadh feadh na slabhraí luacha.

Dá bhrí sin, iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar aon tionscnaimh bhreise is gá a chur ar aghaidh a luaithe is féidir chun EDTIB a neartú, lena n-áirítear maoiniú leordhóthanach, mar shampla i gcomhthéacs an Chláir Eorpaigh Infheistíochta um Chosaint, chomh maith le creat dlíthiúil atá dírithe ar shlándáil an tsoláthair a áirithiú agus ar thacú le táirgeadh armlón.

Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle aon tionscnaimh den sórt sin a scrúdú gan mhoill agus de mheon an chomhair dhílis fhrithpháirtigh.